



AN TAONTAS EORPACH AGUS A CHOMHPHÁIRTITHE TRÁDÁLA

I gcaitheamh na mblianta, tá an tAontas ag imeacht ó tháirgí dlúthshaothair agus atá ar luach íseal a tháirgeadh chun speisialtóireacht a dhéanamh in earraí brandáilte a bhfuil luach níos airde i gceist leo, Lena gheilleagar oscailte, tá trádáil riachtanach don Aontas. Chun an ceann is fearr a fháil ar na bacainní atá ar thrádáil agus cothroime iomaíochta a thabhairt dá ghnólachtaí, tá an tAontas i mbun caibidlíochta i dtaca le líon de chomhaontuithe saorthrádála (FTAnna). Bunaitheoir freisin agus príomhghníomhaí is ea an tAontas Eorpach san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT).

AN BUNÚS DLÍ

Faoi Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunaítear an comhbheartas tráchtála mar inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

SEASAMH LÁRNACH AE

Is é AE an geilleagar is mó ar domhan, arb ionann é agus os cionn 20% d'olltáirgeacht intíre (OTI) an domhain. A bhuíochas dá OTI de thuairim is EUR 15 thrilliún agus d'oscailteacht a mhargaidh, arb ionann é agus EUR 2 791 bhilliún d'onnmhairí agus EUR 2 578 mbilliún d'allmhairí in earraí agus i seirbhísí, bhí ról lárnach ag AE i dtaca leis an gcóras trádála domhanda a mhúnlú, trí thacú leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála thar aon ní eile. Bhain an tAontas buntáistí suntasacha as an oscailteacht eacnamaíoch agus leanfar de sin, ós rud é go bhfuil níos mó ná 30 milliún post in AE ag brath ar thrádáil sheachtrach agus go mbraitear gur lasmuigh den Eoraip a ghinfear 90% den fhás eacnamaíoch domhanda as seo go ceann 15 bliana^[1]. Tá athrú suntasach déanta ag gníomhaithe eacnamaíocha nua agus ag an dul chun cinn sa teicneolaíocht ar struchtúr agus ar phatrúin na trádála idirnáisiúnta. Go háirithe, is féidir earraí agus seirbhísí a thrádáil nárbh fhéidir a thrádáil cheana de bharr na húsáide a bhaintear as teicneolaíochtaí faisnéise Tá fás as cuimse tagtha ar mhalairt eachtrach le 20 bliain anuas, agus leibhéal á mbaint amach ann nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Tá geilleagar domhanda an lae inniu thar a bheith comhtháite, agus tá slabhraí soláthair domhanda tagtha in ionad na trádála traidisiúnta in earraí críochnaithe den chuid is mó.

[1] Trádáil do chách: lonsar bheartas trádála agus infheistíochta níos freagraí, an Coimisiún Eorpach, 2015, Ich. 8 arna aisghabháil an 26 Aibreán 2019, http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2015/october/tradoc_153846.pdf



Bhí drochthionchar ag iarmhairtí na géarchéime airgeadais domhanda ar fheidhmíocht eacnamaíoch an Aontais. I gcásanna áirithe, áfach, tá stóinseacht shuntasach léirithe ag geilleagar an Aontais le hais geilleagair thionsclaithe eile, agus i gcomparáid leis an tSeapáin agus le Stáit Aontaithe Mheiriceá, níor laghdaigh a sciar den Olltáirgeacht Intíre dhomhanda chomh gasta céanna. Bhí ar chumas AE seasamh cuibheasach láidir a choinneáil i dtaca le trádáil in earraí agus treisiú á dhéanamh aige ag an am céanna ar a ról lárnach maidir le trádáil in earraí

RÓL AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH AGUS PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí an trádáil idirnáisiúnta ar cheann de na chéad earnálacha inar chomhaontaigh na Ballstáit a gceannasacht a chomhthiomsú Mar thoradh air sin, thug siad sainordú don Choimisiún cúrsaí trádála a láimhseáil, lena n-áirítear comhaontuithe trádála idirnáisiúnta a chaibidlíú ar a son. Is ionann sin is a rá, go ndéanann an tAontas, ag gníomhú mar eintiteas aonair, comhaontuithe trádála déthaobhacha agus iltaobhacha araon a chaibidlíú, thar ceann a Bhallstát uile. Mar a léiríonn a bhfuil déanta ag AE i ndáil le córas um réiteach díospóidí na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT), tá cumas iontach maidir lena leasanna féin a chosaint i ndíospóidí trádála idirnáisiúnta léirithe aige. Rinne an tAontas freisin uirlisí trádála idirnáisiúnta a úsáid ar mhaithe lena luachanna agus lena bheartais féin a chur chun cinn agus é ag iarraidh a chleachtas rialála féin a leathnú chuig an gcuid eile den domhan. Go deimhin, tá ‘cur chun cinn luachanna Eorpacha’, a bhfuil cearta an duine, forbairt inbhuanaithe, dea-rialachas agus urraim don chomhshaol ina measc, ar cheann de na trí cholún de straitéis trádála AE ‘Trádáil do Chách’.

Riamh anall, bhí AE i bhfabhar córas trádála idirnáisiúnta atá oscailte agus cóir. Shaothraigh sé go tréan chun lánpháirtíú tíortha uile sa gheilleagar domhanda a áirithiú, lena n-áirítear trí dhíothú comhleanúnach a dhéanamh ar na srianta atá ar thrádáil idirnáisiúnta.

Rinne Conradh Liospóin freisin ról Pharlaimint na hEorpa a fheabhsú trí chomh-reachtóir a dhéanamh di i dtaca le hábhair lena mbaineann trádáil agus infheistíocht, atá ar comhchéim leis an gComhairle. Chomh maith leis sin, thug an Conradh ról níos gníomhaí don Pharlaimint maidir le comhaontuithe trádála idirnáisiúnta a chaibidlíú agus a dhaingniú, toisc go bhfuil a toiliú anois éigeantach. Tá roinnt eilimintí den bheartas trádála, áfach, atá fanta faoi shainchúram na mBallstát. An 16 Bealtaine 2017, rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) tuairim a fhoilsiú, a rinne an deighilt atá idir iniúlachtaí náisiúnta agus iniúlachtaí AE a shoiléiriú.

BEARTAS TRÁDÁLA AGUS TREOSHUÍOMH

Le teachtaireacht 2010, ‘Trádáil, Fás agus Cúrsaí Domhanda’, rinneadh ceann de cholúin na straitéise Eoraip 2020 de thrádáil idirnáisiúnta atá dírithe ar AE a dhéanamh níos glaise agus níos iomaíche. Ar an gcaoi chéanna, déanann straitéis 2015, ‘Trádáil do Chách’, treisiú ar bheartas trádála AE mar an príomhrannpháirtí i ndáil le fás, poist agus infheistíocht a chur chun cinn. Iarrtar freisin sa teachtaireacht athnuachan a dhéanamh ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála trí ról lárnach maidir le rialacha a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú a thabhairt di, trí chur chuige níos dírithe a ghlacadh, in



ionad chur chuige an ‘ghnóthais aonair’ atá ann faoi láthair ina gcaithfear na hítimí uile atá ar an gclár oibre a chomhaontú le chéile, agus trí shásra ‘dhá shraith’ a chruthú lena gceadaítear d’fhoghrúpa chomhaltaí EDT dul chun cinn a dhéanamh ar shaincheist shonrach, chun cur ar chumas comhaltaí eile a bheith rannpháirteach sa ghrúpa ag tráth níos déanaí.

I ndiaidh na sáinne, áfach, sna caibidlíochtaí iltaobhacha laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir le Clár Oibre Doha um Fhorbairt, bhí ar AE bealaí eile a aimsiú chun rochtain níos fearr ar mhargaí tríú tíortha a ráthú. Chun na críche sin, tugadh isteach glúin nua de Chomhaontuithe Saorthrádála (FTAnna) cuimsitheacha a mbíonn i bhfad níos mó i gceist leo ná laghduithe taraifí agus trádáil in earraí.

Rinneadh an chéad ‘ghlúin-nua’ de FTA dá shamhail a thabhairt chun críche leis an gCóiré Theas agus, tar éis do Pharlaimint na hEorpa an comhaontú a dhaingniú, rinneadh é a chur i bhfeidhm go sealadach ó mhí Iúil 2011, agus tháinig sé i bhfeidhm go foirmiúil i mí na Nollag 2015. Is fianaise ar an mbeartas nua iad uile, an Comhaontú Trádála Ilpháirtí idir AE agus Peiriú, an Cholóim, agus Eacuadór níos déanaí, atá i bhfeidhm go sealadach ó 2013, an Comhaontú Comhlachais le tíortha Mheiriceá Láir, a bhfuil a cholún trádála i bhfeidhm go sealadach ó 2013, Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) AE-Ceanada, atá i bhfeidhm go sealadach ó mhí Mheán Fómhair 2017, FTA AE-Singepór, ar a ndearnadh caibidlíochtaí a thabhairt chun críche in 2014, agus FTA AE-Vítneam, ar a ndearnadh caibidlíochtaí a thabhairt chun críche ag deireadh 2015. Tháinig FTA leis an tSeapáin i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019.

Cé go bhfuil caibidlíochtaí leis na Stáit Aontaithe maidir leis an gComhpháirtíocht Thrasatlantach Trádála agus Infheistíochta (TTIP) curtha ar fionraí, tá AE i mbun caibidlíochta le comhpháirtithe tábhachtacha eile. Meastar na caibidlíochtaí ar chomhaontú trádála le comhaltaí bunaidh Mercosur mar chéim thábhachtach i dtreo rochtain níos fearr ar mhargadh Mheiriceá Theas. Tá tús curtha le caibidlíochtaí FTA ag AE leis an Indinéis, an Túinéis, na hOileáin Philipíneacha, an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn. Leanfar leis na caibidlíochtaí leis an Malaeisia, an Téalainn agus leis an India a luaithe a bheidh na dálaí fabhrach. Tá tús curtha freisin ag AE le caibidlíochtaí leis an tSín agus le Maenmar maidir le conarthaí déthaobhacha infheistíochta neamhspleácha, agus déanfaidh sé iniúchadh ar an bhféidearthacht i dtaobh caibidlíochtaí dá samhail a thosú leis an Téaváin agus le Hong Cong. Déanfar caibidlíochtaí leis an Iaráin a mheas tar éis aontachas na hIaráine leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Beidh tairbhí suntasacha de thoradh na gcomhaontuithe sin. Beidh na meáin taraifí a fhorchuirtear ar onnmhairí AE le ciorrú tuairim is 50%. Meastar go rannchuideoidh FTAnna 2% sa bhreis d’Olltáirgeacht Intíre AE le fás eacnamaíoch in AE^[2]. D’fhéadfadh sé, áfach, go dtógfadh sé roinnt blianta na comhaontuithe sin a thabhairt chun críche.

[2] ‘An tAontas Eorpach mínithe: Trádáil’, an Coimisiún Eorpach, 2016, Ich.5, arna aisghabháil an 12 Aibreán 2019, <http://bookshop.europa.eu/en/trade-pbNA0216154/>



ALLMHAIRÍ AGUS ONNMHAIRÍ

Is í an Eoraip an t-onnmhaireoir is mó ar domhan maidir le hearraí monaraithe agus seirbhísí, agus is í an Eoraip an margadh onnmhairithe is mó do thart ar 80 tír^[3]. B'ionann trádáil in earraí AE leis an gcuid eile den domhan agus EUR 3 936 bhilliún in 2018^[4].

Príomh-chomhpháirtithe trádála an Aontais
Eorpaigh — Trádáil in earraí in 2018 (milliún EUR)

Tír	Onnmhairí	Allmhairí	Iomlán	Comhardú na trádála
Na Stáit Aontaithe	406 372	267 270	673 642	+139 102
An tSín	209 906	394 698	604 604	-184 791
An Eilvéis	156 484	108 980	265 464	+47 504
An Domhan	1 955 746	1 980 361	3 936 107	-24 615

Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2019

Tháinig ardú ar allmhairí agus ar onnmhairí araon i gcomparáid le 2017. Bhí ardú níos mó ar allmhairí (EUR 123 bhilliún) ná mar a bhí ar onnmhairí (EUR 76 bhilliún).

Luainigh barrachas trádála earraí AE-28 ó EUR 11 bhilliún in 2014 go EUR 60 billiún in 2015 agus go EUR 20.5 billiún in 2017^[5]. In 2018, taifeadh easnamh de EUR 24.6 billiún. Cé go raibh innealra agus trealamh iompair ar na catagóirí ba thábhachtaí d'onnmhairí agus d'allmhairí araon, ina dhiaidh sin bhí táirgí ceimiceacha i gcás onnmhairí agus breoslaí mianracha i gcás allmhairí.

Tháinig ardú 4.1% ar onnmhairí iomlána in 2018, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, cé gur tháinig ardú 6.7% ar allmhairí, ina ndearnadh luachanna EUR 1 956 bhilliún agus EUR 1.980 billiún faoi seach a bhaint amach. Bhí na Stáit Aontaithe fós ar an gceann scríbe ba thábhachtaí ar fad le haghaidh earraí a onnmhairíodh ó AE in 2018, agus na tSín, an Eilvéis agus an Rúis ina dhiaidh sin.

Bhí an tSín ar an soláthróir earraí ba mhó a bhí ag AE in 2018, agus na Stáit Aontaithe agus an Rúis ina dhiaidh sin.

Bhí an laghdú beag a tháinig ar chomhardú na trádála in earraí le déanaí i gcodarsnacht leis an dul chun cinn breise i gcomhardú na trádála deimhneach i seirbhísí. In 2017, rinne AE comhardú in idirbhearta seirbhíse leis an gcuid eile den domhan a thuirisciú arbh ionann é agus EUR 191 bhilliún, inar léiríodh onnmhairí dar luach EUR 912 bhilliún agus allmhairí dar luach EUR 721 bhilliún san iomlán. B'ionann an trádáil i seirbhísí agus 33% d'onnmhairí AE agus 28% d'allmhairí AE in earraí agus i seirbhísí in 2017^[6].

[3]'Seasamh AE i dtrádáil dhomhanda', an Coimisiún Eorpach, arna aisghabháil an 12 Aibreán 2019, <http://ec.europa.eu/trade/policy/eu-position-in-world-trade/>

[4]Preaseisiúint EuroStat 49/2019 <https://ec.europa.eu/eurostat/documents/2995521/9677750/6-18032019-AP-EN.pdf/6fce968a-cc9f-494d-a19c-e04576e42fa9>

[5]Treoir Staitistiúil AS Trade Meitheamh 2018, an Coimisiún Eorpach, http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2013/may/tradoc_151348.pdf

[6]Ríomhanna AS EXPO Pharlaimint na hEorpa atá bunaithe ar fhigiúirí an Choimisiúin Eorpaigh.



Bhí na Stáit Aontaithe, tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) agus an Áise i measc na gcomhpháirtithe ba mhó a bhí ag AE le haghaidh trádáil in earraí. De réir na sonraí is déanaí a bhfuil fáil orthu, bhí trádáil AE i seirbhísí dírithe ar thrí chatagóir go príomha: seirbhísí gnó eile, iompar agus taisteal^[7].

INFHEISTÍOCHT DHÍREACH CHOIGRÍCHE AE

Is é AE an t-infheisteoir is mó ar domhan agus is mórfhaighteoir é maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche (FDI) thíortha eile. Rinne teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin in 2009, inniúlachtaí eisiacha AE i gcúrsaí trádála idirnáisiúnta a leathnú tuilleadh, ina n-áirítear anois FDI. Chun an raon feidhme beacht dá inniúlachtaí i ndáil le hinfheistíocht a shoiléiriú, d'iarr an Coimisiún tuairim ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) maidir le FTA AE-Singéapór. Dhearbhaigh tuairim 2017 na Cúirte go dtagann formhór ghnéithe FDI faoi inniúlacht AE, le roinnt eisceachtaí, go háirithe réiteach díospóidí.

Sciar de FDI an domhain in 2016 (%)

Tír	Stoc isteach	Stoc amach
AE	38.4%	52.0%
Na Stáit Aontaithe	35.3%	39.5%
An tSín	7.5%	7.9%
Ceanada	5.3%	7.5%
An tSeapáin	1.0%	8.7%

Foinse: *Ríomhanna AS EXPO Pharlaimint na hEorpa atá bunaithe ar fhigiúirí an Choimisiúin Eorpaigh.*

Mario Damen / Jakub Przetacznik
04/2019

[7] "Trádáil idirnáisiúnta i seirbhísí", Eurostat, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/International_trade_in_services#Main_services_traded, arna aisghabháil an 12 Aibreán 2019; Tá catagóir staidrimh seirbhísí gnó eile comhdhéanta de: taighde agus forbairt; comhairliúchán gairmiúil agus bainistíochta; seirbhísí teicniúla, seirbhísí a bhaineann le trádáil agus seirbhísí eile.

